RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/114 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beinsivindéfhluipir, búpróifisin, ciofluifeanaimíd, fluasanam, flutolainil, lambda-ciahalaitrin, meiceapróp-P, meipiocuat, meitiream, meatsulfúrón-meitil, fosfán agus pireaclóstróibin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([2]) na substaintí gníomhacha a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus leagtar amach i gCuid B den Iarscríbhinn sin na substaintí gníomhacha a fhormheastar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus i gCuid E leagtar amach na substaintí gníomhacha a fhormheastar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 mar shubstaintí atá le hionadú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2068 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha meiceapróp-P, meitiream, agus pireaclóstróibin go dtí an 31 Eanáir 2023, agus cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha fluasanam, flutolainil agus meipiocuat go dtí an 28 Feabhra 2023. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/670 ón gCoimisiún ([4]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí búpróifisin go dtí an 31 Eanáir 2023. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1527 ón gCoimisiún ([5]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na substainte gníomhaí ciofluifeanaimíd go dtí an 31 Márta 2023.

(3) Tá formheas na substainte gníomhaí beinsivindéfhluipir le dul in éag an 2 Márta 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/177 ón gCoimisiún ([6]).

(4) Tá formheas na substainte gníomhaí lambda-ciahalaitrin le dul in éag an 31 Márta 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/146 ón gCoimisiún ([7]).

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2068 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha beanflurailin, démhocsastróibin, fluasanam, flutolainil, meiceapróp-P, meipiocuat, meitiream, ocsaimil agus pireaclóstróibin (IO L 421, 26.11.2021, lch. 25).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/670 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha brómúconasól, búpróifisin, halocsafop-P agus napropaimíd (IO L 113, 3.5.2018, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1527 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2017 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhse formheasa na substaintí gníomhacha ciofluifeanaimíd, fluaipicilíd, heipteamalocsalaglúcan agus malaitian (IO L 231, 7.9.2017, lch. 3).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/177 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2016 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach beinsivindéfhluipir, mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 35, 11.2.2016, lch. 1).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/146 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2016 lena ndéantar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach lambda-ciahalaitrin a athnuachan, mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 30, 5.2.2016, lch. 7).

(5) Tá formheas na substainte gníomhaí meatsulfúrón-meitil le dul in éag an 31 Márta 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/139 ón gCoimisiún ([8]).

(6) Tá formheas na substainte gníomhaí fosfán le dul in éag an 31 Márta 2023 i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1043/2012 ón gCoimisiún ([9]).

(7) Cuireadh isteach iarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([10]).

(8) Is dócha go rachaidh formheasanna na substaintí gníomhacha sin in éag sula mbeidh cinneadh déanta maidir lena n-athnuachan toisc gur cuireadh moill ar an nós imeachta cinnteoireachta a mhéid a bhaineann leis an athnuachan. Dá bhrí sin, agus ós rud é go bhfuil an mhoill sin ann ar chúiseanna nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí orthu, is gá síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí chun go mbeifear in ann an measúnú is gá a chur i gcrích chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na hiarratais ar fhormheas na substaintí gníomhacha sin a athnuachan.

(9) Go háirithe, is gá síneadh a chur leis an tréimhse formheasa i gcás na substaintí gníomhacha fluasanam, flutolainil, meiceapróp-P, meipiocuat, meitiream agus pireaclóstróibin ionas go mbeidh am a dhóthain ann chun measúnú a dhéanamh i ndáil le hairíonna suaite inchrínigh na substaintí gníomhacha sin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagail 13 agus 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012.

(10) I gcás ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar nach ndéanfar formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a athnuachan toisc nach gcomhlíontar na critéir formheasa, is é an dáta atá le leagan síos ag an gCoimisiún mar dháta éaga an dáta céanna a bhí ann roimh an Rialachán seo nó dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena bhforáiltear nach ndéanfar formheas na substainte gníomhaí a athnuachan, cibé dáta acu sin is déanaí. A mhéid a bhaineann le cásanna ina bhfuil an Coimisiún le Rialachán a ghlacadh lena bhforálfar maidir le hathnuachan formheas substainte gníomhaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, féachfaidh an Coimisiún leis an dáta cur i bhfeidhm is luaithe is féidir a leagan síos, de réir mar is iomchuí sna himthosca.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(12) Ós rud é go rachaidh an formheas reatha maidir le búpróifisin, meiceapróp-P, meitiream agus pireaclóstróibin in éag an 31 Eanáir 2023, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(13) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/139 ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2016 lena ndéantar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach meatsulfúrón-meitil a athnuachan, mar shubstaint atá le hionadú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 (IO L 27, 3.2.2016, lch. 7).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1043/2012 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2012 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach fosfán, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 310, 9.11.2012, lch. 24).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).
Cé gur aisghaireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20), na forálacha a bhaineann le formheas substaintí gníomhacha a athnuachan mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, tá feidhm acu go fóill i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid A mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 57, Meiceapróp-P, cuirtear "31 Eanáir 2024" in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 81, Pireaclóstróibin, cuirtear "31 Eanáir 2024" in ionad an dáta;

(3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 115, Meitiream, cuirtear "31 Eanáir 2024" in ionad an dáta;

(4) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 187, Flutolainil, cuirtear "29 Feabhra 2024" in ionad an dáta;

(5) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 189, Fluasanam, cuirtear "29 Feabhra 2024" in ionad an dáta;

(6) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 191, Meipiocuat, cuirtear "29 Feabhra 2024" in ionad an dáta;

(7) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 296, Ciofluifeanaimíd, cuirtear "31 Márta 2024" in ionad an dáta;

(8) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 320, Búpróifisin, cuirtear "31 Eanáir 2024" in ionad an dáta;

(b) Leasaítear Cuid B mar a leanas: sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 28, Fosfán, cuirtear "31 Márta 2024" in ionad an dáta;

(c) Leasaítear Cuid E mar a leanas:

(1) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 3, Meatsulfúrón-meitil, cuirtear "31 Márta 2024" in ionad an dáta;

(2) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 4, Beinsivindéfhluipir, cuirtear "2 Márta 2024" in ionad an dáta;

(3) sa séú colún, dul in éag an fhormheasa, de ró 5, Lambda-Ciahalaitrin, cuirtear "31 Márta 2024" in ionad an dáta.